
Lugh sáimh-ioldánach

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

ARCHIVES
SEIRBHÍS **CARTLAINNE** CHONTAE LÚ
LOUTH COUNTY **ARCHIVES** SERVICE

# Aire a thabhairt do Chartlann do Theaghlaigh




*An Dochtúir Jack le muintir Uí Chléirigh ag Coirteail, Cill Choirle, Grianghraif ó Bhrian Ó Cléirigh, PP00311/*

## BUÍOCHAS

Tagann gach cartlann agus íomhá a úsáidtear san fhoilseachán seo ó bhailiúcháin chartlainne Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú. Tá an chartlann cosanta le cóipcheart agus ní ceart í a atáirgeadh gan chead. Aithnímid tacaíocht agus flaithiúlacht roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí a bhronn bailiúcháin chartlainne ar Chartlann an Chontae nó a chuir i dtaisce inti iad. Tá tábhacht leis na bailiúcháin sin dár dtír ó thaobh an chultúir, na staire agus na sochaí de agus is féidir iad a chaomhnú agus deis á tabhairt ag an am céanna don ghlúin seo agus don ghlúin atá le teacht iad a rochtain.

Maoiníodh an foilseachán seo faoin bhFeachtas Buanseasmhachta 'Bail agus Beatha'.

Is ann don fheachtas BAIL AGUS BEATHA a bhuí le hÉire na Sláinte, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, le maoiniú ó Chiste Éire na Sláinte agus ón gciste Sláintecare arna riar ag Pobal.

Arna fhoilsiú ag Comhairle Contae Lú

Léirithe ag Lorraine McCann, Cartlannaí Chontae Lú



© Comhairle Contae Lú. Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a tharchur i bhfoirm ar bith gan cead i scríbhinn roimh ré ó Chomhairle Contae Lú.



ISBN: 978-1-8383229-1-5



Seirbhís Cartlainne Chontae Lú
An Sean-Phríosún, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia
Dún Dealgan, Co Lú
A91 PY17
Teil: +353 (0)42 9324358

Uaireanta oscailte trí choinne a dhéanamh
Ríomhphost: archive@louthcoco.ie
www.louthcoco.ie
www.facebook.com/LouthCountyArchives/
@louthcoco


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Sláintecare.
Right Care. Right Place. Right Time.

hi Healthy Ireland

pobal
government supporting communities

# ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| An áit ar cheart do pháipéir theaghlaigh a stóráil | 3 |
| An áis stórála ar cheart do pháipéir theaghlaigh a chur inti | 4 |
| Ábhar an bhosca a dhoiciméadú | 5 |
| An modh cúraim agus stórála cuí maidir leo seo… | 6 |
| Páipéir | 6 |
| Léarscáileanna agus pleananna | 7 |
| Leabhair | 8 |
| Grianghraif | 9 |
| Rudaí is ceart agus nach ceart a dhéanamh | 11 |
| Ábhair chomhairle | 11 |
| Comhairle chaomhnaithe | 11 |
| Cartlann a bhronnadh | 12 |
| Cartlann a ullmhú lena bronnadh | 14 |

# RÉAMHRÁ

Tá cartlann teaghlaigh nó phearsanta ag gach duine. Sa chartlann sin, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh: deimhnithe breithe, pósta agus báis, grianghraif agus albaim, litreacha, dialanna, doiciméid dlí, gníomhais mhaoine, léarscáileanna agus pleananna, deimhnithe scrúdaithe nó bronnta, pasanna agus ceadúnais, gearrthóga nuachtáin nó ailt, leabhair gearrthóg, cártaí poist, bileoga agus ábhair ghearrshaolacha eile lena bhfuil tábhacht dúinn. Tá an chartlann teaghlaigh nó phearsanta de do chuid uathúil agus ní féidir a leathcheann a fháil. Dá bhrí sin, is ceart duit aire a thabhairt di.

Is ann do dhá chineál damáiste a bhfuil smacht éigin againn orthu: damáiste timpeallachta agus fisiceach. Tarlaíonn damáiste timpeallachta mar gheall ar an mbealach nó ar an áit a gcoimeádtar doiciméid. Maidir le damáiste fisiceach, tarlaíonn sin mar gheall ar an mbealach a láimhsítear iad. Tríd is tríd, sa treoir seo pléifear le damáiste timpeallachta agus fisiceach. Baineann an tríú cineál damáiste, damáiste ceimiceach, leis an sórt damáiste a thagann ó laistigh den doiciméad féin de dheasca a dhearaidh, ar nós páipéar aigéadach saor. Má thagann doiciméid faoi lé taise, múscáin, feithidí, sholas na gréine nó an iomarca teasa, is féidir damáiste a dhéanamh go héasca dóibh. Ina theannta sin, is éasca damáiste a dhéanamh dóibh mura láimhsíonn tú i gceart iad, má bhíonn lámha salacha agat agus iad á láimhsiú agat nó má bhíonn tú ag ithe nó ag ól cóngarach dóibh.

Sa treoir seo tugtar comhairle agus treoirlínte i dtaobh aire a thabhairt don chartlann teaghlaigh de do chuid cosúil leis an áit ar cheart í a stóráil agus leis an mbealach le haire a thabhairt di. Lena chois sin, dá mbeadh bailiúchán agat féin nó ag do ghrúpa pobail ba mhaith leat a bhronnadh ar Chartlann an Chontae, is ann do nóta maidir le cartlann a ullmhú lena bronnadh.



*Feirmeoireacht sa Tiarnas, Grianghraif ó Theach Pháirc an Reithin, PP00205/*

# AN ÁIT AR CHEART DO PHÁIPÉIR THEAGHLAIGH A STÓRÁIL

Moltar cartlann a stóráil ag teocht sheasmhach, idir 13-18ºC, agus ag bogthaise choibhneasta 45-60%, ar tomhas é sin ar cé chomh tais nó tirim agus atá an t-aer. Is é sin le rá, áit fhionnuar thirim do chartlann sa bhaile. Is ceart áiléir, íoslaigh agus seideanna a sheachaint ós rud é gur féidir leo a bheith fuar agus tais sa gheimhreadh agus te agus tirim sa samhradh. B'fhéidir go mbeadh seomra bia, seomra leapa, nó seomra breise ina áit oiriúnach. Is ceart doiciméid a choimeád i bhfad ó fhuinneoga, ó phíopaí agus ó fhoinsí sceite nó tuile féideartha más féidir. Déantar damáiste do dhoiciméid nuair a bhíonn an ghrian ag soilsiú orthu agus is ceart í a sheachaint. Is ceart duit féachaint chuige go gcoimeádfar na dálaí stórála seasmhach agus comhsheasmhach mar is féidir go ndéanfar damáiste de dheasca athrú. Má bhíonn bogthaise choibhneasta ard ann, tacaítear le fás múscáin, ach is féidir le bogthaise choibhneasta íseal a bheith róthirim agus a bheith ina cúis le páipéar briosc.



*Leabhar litreach agus gníomhais, Páipéir Mhic Sheáin, an Lios Dubh, PP00056/*

# AN ÁIS STÓRÁLA AR CHEART DO PHÁIPÉIR THEAGHLAIGH A CHUR INTI

Tá tábhacht le hábhair stórála mhaithe chun do pháipéir a chosaint ar dhusta, ar sholas, ar láimhsiú míchuí, ar ghluaiseacht páipéar, ar dhamáiste gan choinne nó ar chaillteanais earraí. Bíonn siad mar thaca le doiciméid fhíneálta freisin. Cé gurbh iontach an rud é dá mbeadh gach ábhar stórála nó pacáistithe a bheadh i dtadhall le bundoiciméad ar caighdeán cartlainne*, is minic nach indéanta sin i ngach teaghlach. Ina ionad sin, féach le húsáid a bhaint as bosca atá ar ardchaighdeán, a bhfuil bonn agus clúdach air agus atá sách mór le gur féidir na doiciméid a chur isteach ann gan iad a bhrú. Seachain boscaí miotail nó stáin mar beidh siad á gcreimeadh, rud a dhéanfaidh damáiste do na doiciméid agus seachain boscaí adhmaid freisin mar bíonn greamacháin orthu. Bí cinnte de go gcuirfidh tú lipéad soiléir ar an mbosca agus go ndéanfaidh tú é a stóráil go cothrom laistigh de chaibinéad nó de tharraiceán a bheidh sách domhain chun é a choinneáil gan dul i ngreim ann.

Má bhíonn doiciméid fhíneáilte agat, cosain laistigh d’fhilltéán páipéir iad, rud is féidir a dhéanamh as bileog pháipéir A3 nó A4 fillte ina dhá leath. D’fhéadfá aon saicíní glóthaí silice a fhaigheann tú nuair a cheannaíonn tú táirgí áirithe, cosúil le bróga, a chur isteach sa bhosca freisin ar mhaithe le haon taise bhreise a ionsú nó is féidir leat glóthach shilice tháscach a cheannach. Má thugann tú faoi deara, tar éis duit do bhosca a sheiceáil, go bhfuil an ghlóthach shilice crua agus soladach, is amhlaidh atá taise ionsúite aici agus is gá ceann eile a chur ina hionad nó do bhosca a stóráil áit eile mar a bhfuil níos lú taise san aer.

*In amanna, tagraítear d’ábhar ar caighdeán cartlainne mar ábhar ar caighdeán caomhnaithe. Ciallaíonn sin go bhfuil sé saor ó aigéad, agus mura sonraítear go soiléir é, ní dócha go bhfuil an táirge ar caighdeán cartlainne. Mura bhfuil tú cinnte de, is féidir le soláthróirí formheasta mionsonraí a thabhairt i dtaobh dhearadh a dtáirge. Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas i dtáirgí: fillteáin, boscaí, páipéar nó clár atá saor ó aigéad chun fillteáin a dhéanamh agus boscaí nó iniaimh le haghaidh cumhdaigh nó cosanta. Cé gur féidir nach indéanta ábhar ar caighdeán cartlainne a úsáid sa ghearrthréimhse, d’fhéadfá féachaint lena fháil sa todhchaí.




*Bille láimhe Mhór-Iarnród an Tuaisceart (Éire), PP00258/*

# ÁBHAR AN BHOSCA A DHOICIMÉADÚ

Bí cinnte de ndéanfaidh tú liosta dá bhfuil sa bhosca ach ainmneacha, áiteanna agus dátaí ábhartha a úsáid chuige sin. Mura bhfuil na dátaí sin ar eolas agat, tabhair dátaí garbha idir lúibíní cearnacha chun éiginnteacht a léiriú. D’fhéadfá nóta a dhéanamh freisin den chúis a bhí agat le hearra a choimeád, dá mba chosúil go raibh sé cuibheasach neamhghnách, nó den tábhacht atá leis. Tá tábhacht le liosta a dhéanamh ionas go gcoimeádfar earraí in ord agus in eagar agus beidh sin ina chuidiú lena gcaomhnú. Lena chois sin, tuigfidh daoine eile ar an mbealach sin cé na doiciméid atá ann. Is féidir leat an liosta a chur isteach sa bhosca agus féadfaidh tú cóip eile a choimeád de mar chúltaca. Dá mb’ann do litreacha ar mhór agat iad nó do nótaí lámhscríofa ar chúil grianghraf, d’fhéadfá cóip díobh a scríobh nó a chlóscríobh. Is féidir an tras-scríbhinn sin a úsáid mar chóip shlándála chaomhnaithe.

D’fhéadfá cóip a dhéanamh de do dhoiciméid freisin ach grianghraf a ghlacadh díobh. Is féidir cóipeanna a úsáid lena gcur ar taispeáint, lena dtabhairt do dhaoine eile den teaghlach, ar chúiseanna láimhsithe fad a chaomhnaítear an bhunchóip, nó lena gcoimeád mar chóip shlándála í. Smaoinigh ar ghrianghraf a ghlacadh de chúil doiciméad a bhféadfadh nótaí a bheith orthu, cosúil le grianghraif.


18 PP/23/8

The Irish Home Rule League.

OFFICES, 29, LOWER SACKVILLE STREET,

Dublin, 23rd January 1875


Received from P. K. Reilly Esq.

The Sum of One pound Stg.

Amount of Subscription for year ending 31st December 1875

Treasurer.

*Admháil ó Pháipéir Phádraig Uí Raghallaigh, PP00023/*


207 P433

Oglaigh na hEireann.

General Permit to Travel.

Military Permit Office, Portobello Barracks, Dublin.

No. 7B.

C/C Thos. Rogers of 4th Northern Div.

is permitted to travel, without molestation, to or from any part of Ireland.

The Bearer of this General Permit will not be liable to search or other interference to person or property.

Officer I/C Military Permits.

Note: This General Permit is available for one calendar month from date of issue 7.7.1922 and application for renewal should be made within a week of expiration.

*Cead ginearálta taistil Óglaigh na hÉireann, PP00433/*

# AN MODH CÚRAIM AGUS STÓRÁLA CUÍ MAIDIR LEO SEO:

## PÁIPÉIR

- Bíodh do lámha nite agat agus earraí á láimhsiú agat nó is féidir go mbeidh an téacs doiléir seachas sin. De dheasca ola nádúrtha a bheith ar do chraiceann, is féidir le salachar ó do lámha a bheith greanta sa pháipéar, rud a fhágann go mbíonn sé an-deacair, nó dodhéanta fiú é a bhaint. Mar sin, nigh do lámha ar dtús agus má éiríonn siad salach, nigh arís iad.
- Stóráil earraí in áit fhionnuar, dhorcha atá saor ó fheithidí agus nach bhfuil taise agus mar a bhfuil an teocht agus an bhogthaise choibhneasta cuibheasach comhsheasmhach. Má thagann athrú tobann ar cheachtar acu sin is féidir go bhfásfaidh múscán agus go ndéanfar damáiste do na páipéir. Déan deimhin de go mbeidh an t-aer á chur timpeall gan srian.
- Stóráil earraí go cothrom seachas ar bhealach fillte chun damáiste a sheachaint.
- Bain na nithe seo uile ó do pháipéir mar is féidir leo a bheith ina gcúis le damáiste: fáiscíní páipéir cruach, stáplaí, bioráin, bandaí rubair, agus téip dlí bhándearg. Más gá, úsáid fáiscíní páipéir plaisteacha támhacha nó fáiscíní páipéir práis chun na páipéir a choinneáil le chéile.
- Bain spóir mhúscáin thirim trína scuabadh go héadrom le scuab bhog i seomra ina bhfuil aerú maith nó amuigh faoin aer. Is ceart masc aghaidhe a chaitheamh agus an méid sin á dhéanamh agat ionas nach ndéanfaidh tú spóir mhúscáin a ionanálú.
- Ná húsáid seilitéip mar is é an chaoi a meathlaíonn sé le himeacht ama as a dtagann iarmhar agus tuilleadh damáiste.
- Déan deimhin de go ndéanfar earraí a stóráil i bpócaí, i bpáipéar, i bhfillteáin agus i mboscaí de chineál poileistir agus ar caighdeán cartlainne i gcás inar féidir. Tá aigéad i gclúdaigh agus i bhfillteáin nach bhfuil ar caighdeán cartlainne, rud a fhágann gur féidir le páipéar meathlú le himeacht ama.
- Is ceart **nuachtáin** a stóráil go cothrom i bhfillteán nó i mbosca i bhfad ó earraí eile mar is féidir go mbíonn siad an-aigéadach. Tá nuachtáin agus póstaeir déanta as páipéar de ghrád íseal agus meathlaíonn siad go tapa agus éiríonn siad briosc.
- Is ceart **fótachóipeanna** a stóráil i bpáipéar nó i bhfillteáin atá saor ó aigéad freisin mar cuideoidh sin lena chinntiú nach n-aistreoidh aigéad ón bpáipéar. Ní ceart fótachóipeanna a stóráil i bpócaí plaisteacha mar meathlaíonn an plaisteach le himeacht ama agus bainfidh sé an dúch de na fótachóipeanna.
- **Facsanna seana:** De dheasca na gceimiceán sa seanpháipéar facs a bhí ar rollaí, moltar facsanna a fhótachóipeáil ar pháipéar atá saor ó aigéad agus na bunfhacsanna a chaitheamh uait. Is é is dóichí go mbeidh ort fótachóipeáil a dhéanamh ag an socrú is dorcha.

**Doiciméid dhéthaobhacha fhíneáilte a thiontú**: Cuir an doiciméad ar bhileog chárta ionas gur féidir leat taobh amháin de a léamh agus nuair is gá duit an taobh eile a léamh, cuir bileog chárta eile ar bharr an doiciméid. Ansin, tiontaigh gach rud droim ar ais go cúramach agus bain barr nua na bileoige cárta.

## AN MODH CÚRAIM AGUS STÓRÁLA CUÍ MAIDIR LEO SEO:

### LÉARSCÁILEANNA AGUS PLEANANNA

- Más léarscáileanna agus pleananna beaga iad, is ceart iad a stóráil go cothrom.
- Is ceart léarscáileanna nó pleananna móra a rolladh thart ar thiúb chairtchláir, seachas inti, agus í ar a laghad 7.5cm nó 3" ar trastomhas, tar éis iad a bhrú, ar dtús, idir sraitheanna páipéir atá saor ó aigéad nó de phoileistear támh.




*Pleananna Ailtireachta 'The Moorings', Dún Dealgan, PP00207/*

# AN MODH CÚRAIM AGUS STÓRÁLA CUÍ MAIDIR LEO SEO:

## LEABHAIR

Nuair a osclaítear agus nuair a dhúntar leabhar, is féidir salachar agus dusta a thabhairt isteach ina leathanaigh. Is ann do na clúdaigh chun na leathanaigh sin a chosaint. Chun dea-bhail a choimeád ar do chuid leabhar:

- Déan cinnte de nach mbeidh an ghrian ag soilsiú orthu ná nach mbeidh siad faoin teas.
- Ná déan iad a stóráil in áiteanna bogthaise airde ar nós grianán, gar do phriosanna aerála ná in áiteanna ina mbíonn comhdhlúthú.
- Déan deimhin de nach mbeidh clúdach na leabhar i dtadhall le chéile. Murach sin, beidh na clúdaigh ag cuimilt le chéile. Scar ó chéile iad ag úsáid páipéar nó cárta atá saor ó aigéad agus atá ar caighdeán cartlainne.
- Stóráil leabhair mhóra nó throma ar a dtaobh ionas nach sractar an bloc téacs ó na clúdaigh.
- Dustáil na leabhair le scuab ghruaige bhog nó úsáid folúsghlantóir súite íseal go rialta ionas nach dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar an dusta ná ar an salachar in áiteanna cosúil leis an droim.
- Is féidir leabhair a chur i mboscaí lena gcosaint; féach le caighdeán cartlainne a úsáid a oireann go díreach do thoise an leabhair.
- Má bhíonn aon cheann de na leathanaigh scaoilte, coimeád san ord bunaidh iad. Má bhíonn an cárta scaoilte, coinnigh ina ionad féin é trí chlúdach línéadaigh ghlain a chur air nó úsáid téip línéadaigh nó cadáis neamhthuartha agus bíodh an téip 2cm ar leithead má bhíonn fáil air sin. Cuir an tsnaidhm ar an taobh ionas nach ndéanfar damáiste.
- Bain aon leabharmharcanna nó ábhair choimhthíocha nó is féidir go mbeidh smál ann de dheasca an pháipéir nó na ndúch a úsáideadh. Má bhíonn siad tábhachtach, déan nóta den áit a bhfuil siad, bain iad agus coimeád slán i gclúdach iad.
- Lean an téacs le leabharmharc seachas le do mhéar nó is féidir go ndorchófar an cló.
- Má bhíonn leabhar á bhaint de sheilf agat, ná láimhsigh ar bharr an droma é ach beir greim láidir ar lár an leabhair i gcónaí. Chuige sin, tá seans ann go mbeidh ort na leabhair ar a dhá thaobh a bhrú isteach.
- Oscail na leabhair go cúramach agus a mhéid is féidir de réir an cheangail, agus sin amháin, gan fórsa. Ná hoscail clúdach leabhair le fórsa má bhíonn sé righin – is féidir nach mbeidh mórán leabhar le struchtúr righin inoscailte thar 90 céim. Úsáid piliúr nó cúisín chun tacú leis an leabhar. Dún an leabhar nuair nach bhfuil sé in úsáid agat.
- Bí an-chúramach agus leathanaigh leabhair á dtiontú agat ionas nach sracfar iad agus ná leadhb do mhéaracha chun leathanach a thiontú.

## AN MODH CÚRAIM AGUS STÓRÁLA CUÍ MAIDIR LEO SEO:

### GRIANGHRAIF

- Agus grianghraif á láimhsiú agat, ná bain do thaobh eibleachta na híomhá grianghrafadóireachta. Más féidir, caith lámhainní cadáis éaglúmhacha nó úsáid páipéar glan chun an grianghraf a láimhsiú. Ní féidir ola na lámh a bhaint.
- Chun grianghraif a stóráil, ná húsáid albaim grianghraf atá ar fáil go réidh go háirithe iad sin ag a bhfuil leathanaigh ghreamaitheacha cheangailteacha. Ina ionad sin, úsáid albaim pócaí poileistir.
- Úsáid peann luaidhe chun grianghraif a aithint.
- Más féidir leat smacht a choinneáil ar an teocht agus ar an mbogthaise choibhneasta, is fearr grianghraif dhubha agus bhána a stóráil idir 11º-15ºC agus ag bogthaise choibhneasta idir 30-40%, ach moltar idir 8°C - 12°C le haghaidh priontaí agus scannáin dhaite chomhaimseartha. Is ceart an méid sin a choimeád comhsheasmhach. Meathlaíonn grianghraif go tapa agus bogthaise os cionn 60% i gceist, ach má bhíonn bogthaise an-íseal ann is féidir go scoiltfidh, go scamhfaidh nó go bhfillfidh priontaí mar tagann athrú ceimiceach ar an íomhá ghrianghrafadóireachta dá dheasca sin. Dá bhrí sin, coimeád grianghraif i bhfad ó áiléir agus ó íoslaigh agus ó áiteanna ina bhfuil baol tine nó tuile.
- Ní ceart d'ábhar grianghrafadóireachta teacht faoi lé aon athruithe gasta. Is ceart dul chomh hard le teocht an tseomra diaidh ar ndiaidh, rud is ceart a ísliú de réir a chéile arís tar éis na húsáide.
- Is ceart leibhéil solais a rialú freisin – is ceart ábhar grianghrafadóireachta a choimeád i bhfad ó sholas an lae go háirithe agus iad á stóráil agus is ceart solas saorga a choimeád chomh híseal agus is féidir. Is ceart an tréimhse amhairc a choimeád chomh gairid agus is féidir freisin. Má thagann an íomhá faoi lé solais ar bhonn leanúnach, imeoidh sí as.
- Déan deimhin de nach dtiocfaidh grianghraif faoi lé aon ní ina bhfuil dé-ocsaíd sulfair ná nach dtiocfaidh siad faoi lé múchanna péinte úire, sraithadhmaid, cairtchláir ná múchanna ó sholáthairtí glantacháin. Is ceart grianghraif a stóráil in iniaimh chuí ar caighdeán cartlainne e.g., ábhair phlaisteacha nó pháipéir atá saor ó shulfar, ó aigéid, agus ó shárocsaídí. Mura féidir an bhogthaise choibhneasta a rialú go comhsheasmhach faoi 80%, ní ceart iniaimh phlaisteacha a úsáid mar is féidir go ngreamóimid grianghraif de dhromchla an phlaistigh.
- Go háirithe, is ceart clúdaigh pháipéir aigéadacha agus plaisteach clóiríde polaivinile (PVC) a sheachaint chomh maith le bandaí rubair, fáiscíní páipéir agus greamacháin ar dhroch-chaighdeán cosúil le téipeanna brú-íogaire. Is fearr iniaimh mhaolánaithe a úsáid le haghaidh priontaí grianghrafadóireachta meathlaithe ar imill atá ar dhroch-chaighdeán.
- Úsáid gléas puithe nó scuab an-bhog chun grianghraif a ghlanadh. Déan deimhin de nach n-úsáidfidh tú aon rud níos teinne lena bhféadfaí an dromchla eibleachta a scríobadh.
- Chun caomhnú maith a dhéanamh ar ghrianghraif, déan cóip díobh agus coimeád an bhunchóip agus í pacáistithe agus stóráilte i gceart.



*Tógálaithe ag Ardán Uí Leannáin - Uí Mháille, Dún Dealgan, 1947, PP00168/*



*Grianghraf de rang Scoil Náisiúnta na Mainistreach, PP00272/*

# RUDAÍ IS CEART AGUS NACH CEART A DHÉANAMH

- **IS CEART** doiciméid agus leabhair a chosaint ar bhia, ar dheoch agus ar shalachar.
- **IS CEART** deimhin a dhéanamh de go mbeidh an bord a úsáidfidh tú glan agus gan bhac agus go mbeidh a dóthain slí ann chun doiciméid a oscailt gan baol damáiste a bheith ann.
- **IS CEART** duit do lámha a ní sula láimhsíonn tú doiciméid.
- **IS CEART** earraí a stóráil go cothrom agus i dtáirgí (atá saor ó aigéad) ar caighdeán cartlainne i gcás inar féidir.
- **IS CEART** deimhin a dhéanamh de go mbeidh an teocht sách seasmhach i do limistéar stórála.
- **IS CEART** peann luaidhe a úsáid má bhíonn nótaí á ndéanamh agat.
- **IS CEART** comhairle ghairmiúil a fháil ó chaomhnóir más gá aon earraí a dheisiú.
- **NÍ CEART** earraí a láimhsiú ach a mhéid is gá.
- **NÍ CEART** earraí a chur faoi lé teasa ná solais dhírigh.
- **NÍ CEART** earraí a stóráil in áiléir ná íoslaigh is féidir a bheith tais nó faoi lé athruithe gasta ar an teocht.
- **NÍ CEART** málaí plaisteacha ná clúdaigh phoileitéine ná clúdaigh phlaisteacha PVC a úsáid mar tá plaisteacháin iontu agus meathlaíonn siad.
- **NÍ CEART** seilitéip ná téip bhrú-íogair eile a úsáid mar déantar damáiste le himeacht ama do chartlann dá deasca.
- **NÍ CEART** nuachtán a úsáid chun doiciméid a chlúdach mar tá sé an-aigéadach.
- **NÍ CEART** féachaint le haon deisiúchán a dhéanamh as do stuaim féin – d'fhéadfá tuilleadh damáiste a dhéanamh don earra.

## ÁBHAIR CHAOMHNAITHE

Is féidir leis an tSeirbhís Cartlainne seoltaí soláthraithe a sholáthar le haghaidh páipéar agus fillteáin atá saor ó aigéad, fáiscíní páipéir cartlainne, etc. más gá.

## COMHAIRLE CHAOMHNAITH

Má bhíonn earraí tábhachtacha agat is gá a dheisiú, is féidir gur mian leat dul i gcomhairle le caomhnóir páipéar nó leabhar. Tá leathanach aimsithe caomhnóra ag an Institiúid Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí in Éirinn ar a suíomh gréasáin: https://www.icriconservation.ie/


*Tá sé tábhachtach gan ligean do dhaoine a bheith ag ithe ná ag ól cóngarach do dhoiciméid. Anuas air sin, is den tábhacht deimhin a dhéanamh de go ndéanfar barr bord a ghlanadh agus a thriomú sula gcuirtear cartlann orthu. Má níonn agus má thriomaíonn tú do lámha sula láimhsíonn tú doiciméid, ní gá lámhainní a chaitheamh. Murach sin, moltar lámhainní cadáis, nítríle, nó laitéise glana a chaitheamh.*

# CARTLANN A BHRONNADH


Tá suim ag Cartlann an Chontae cartlann agus taifid a bhaineann le gach gné d'fhorbairt Chontae Lú a fháil. Fáiltíonn an tSeirbhís roimh an gcartlann sin ó ghrúpaí pobail, ó chlubanna nó ó chumainn, ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí, ó scoileanna náisiúnta, ó fheachtasóirí toghchánaíochta, ó aturnaetha nó ó ghnólachtaí eile. Dá mbeadh bailiúchán agat féin nó ag do ghrúpa pobail ba mhaith leat a bhronnadh, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís. Tá tábhacht lenár gcuid bailiúchán cartlainne áitiúla ó thaobh na sochaí agus na staire de. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil siad á gcaomhnú againn don todhchaí, tá foinsí taighde uathúla agus luachmhara á gcruthú againn don staidéar ar Lú agus ar a mhuintir.

Má bhronntar cartlann ar Chartlann Chontae Lú, déantar deimhin den mhéid seo a leanas:

- Coimeádtar in áit stórála shábháilte í faoi dhálaí timpeallachta maithe.
- Déantar í a chatalógú agus a shocrú i gcomhréir le caighdeáin chartlainne.
- Déantar measúnú uirthi féachaint an bhfuil aon fhadhbanna caomhnaithe ann is féidir a réiteach de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.
- Cosnaítear ar leasú í chun deimhin a dhéanamh de go gcosnófar sláine agus iontaofacht na faisnéise.
- Déantar í a chaomhnú go buan agus a chosaint ar aon scrios a dhéanfar de thimpiste nó d'aon turas amach anseo.




Leabhar miontuairiscí Íoclann Bhaile Átha Fhirdhia, AC/DIS/001



PAROCHIAL HALL, ARDEE.

ST. PATRICK'S NIGHT, 1918.

THE ARDONIAN PLAYERS IN THE PATRIOTIC IRISH DRAMA,

"In Dark and Evil Days."

DRAMATIS PERSONÆ.

| | | |
|---|---|---|
| *Myles Byrne* | (An Irish Patriot) | Mr. T. MacNELLO |
| *Shamus Byrne* | (of Byrne Castle; Myles' Father) | Mr. A. MacENTEE |
| *Jacob Daly* | (A Spy and Informer) | Mr. T. FARRELLY |
| *Andy M'Guinness* | (A Little Irish Gossoon) | Master T. O'BRIEN |
| *General Lake* | (President of the Courtmartial) | Mr. S. MALONE |
| *Major Fitzgerald* | (An English Officer) | Mr. P. ROE |
| *Capt. Hunter Gowan* | (of the Wexford Yeomanry) | Mr. P. J. POLLARD |
| *Sergeant Brown* | (of the English Army) | Mr. T. McGUINNESS |
| *Corporal Jones* | Do. | Mr. F. BRANAGAN |
| *Private Atkins* | Do. | Mr T. EAKINS |
| *Kathleen McGrath* | (A True Irish Girl) | Miss C. STOKES |

SYNOPSIS.

ACT 1. SCENE Exterior of Byrne Castle, Wexford—The Arrest.
ACT 2. SCENE The English Headquarters—Sentenced to Death.
ACT 3. SCENE (1) Exterior of the Barracks—A Last Farewell.
(2) The Barrack Square—The Execution.
ACT 4. SCENE (1) Exterior of the Barracks—"He Lives!"
(2) Interior of the Barracks—The Escape
ACT 5. SCENE The Shanty on the Cliff—Little Andy's Death.
ACT 6. SCENE The Cliff by Moonlight—Retribution.
Period—1798.


FOLLOWED BY
A SHORT CONCERT PROGRAMME,
And concluding with a Laughable Sketch—
"Troublesome Servants."

DRAMATIS PERSONÆ.


*Mr. Bullfrog* (troubled with Gout and a very bad temper) Mr. T. FARRELLY
*Barney Blake* (a blundering numskull, who does everything "Right wrong" Mr. P. J. HANRATTY
*Biddy Blake* (his Sister, anxious to please, but can't) Miss C. STOKES

Selections by the Alagos Orchestra.


Paimfléad amharclainne áitiúil, PP00095/




*Leabhar miontuairiscí Chumann Rámhaíochta Dhún Dealgan, PP00279B/*




*Rollaí Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Droimineasclainn, SCH0007/*




*Leabhair miontuairiscí an Inner Wheel Club, Dhroichead Átha, PP00406/*

## CARTLANN A ULLMHÚ LENA BRONNADH

Is den tábhacht an chartlann a choimeád san ord ina raibh sí curtha ag an eagraíocht nó ag an duine aonair a chruthaigh an chartlann, más ann don ord sin go fóill, mar is féidir leis a bheith ina chuidiú ag taighdeoir an comhthéacs agus an gaol idir na doiciméid a thuiscint. Mura bhfuil tú cinnte de go bhfuil na doiciméid fós ina n-ord bunaidh, is fearr an t-ord a fhágáil mar atá. Ina theannta sin, ní ceart cartlann a bheidh cruthaithe ag eagraíocht nó brainse de chlub amháin a bheith measctha le cartlann de chuid eagraíocht ná brainse de chlub eile.

Is féidir leat do bhailiúchán cartlainne a ullmhú lena bhronnadh ach liosta a dhéanamh de na hearraí. Déan cur síos achomair ar gach earra, e.g. leabhar miontuairiscí club (ainmnigh an club) nó leabhar cuntas an choiste tiomsaithe airgid, nó grúpa litreacha ó A go B i dtaobh topaice (ainmnigh an topaic). Cuimhnigh ar dhátaí a chur san áireamh agus i gcás nach mbeidh tú cinnte de dháta ar leith, cuir idir lúibíní cearnacha é. I gcás grianghraf, cuir na hainmneacha san áireamh ó chlé go deas i gcás inar féidir. Cuimhnigh ar na grianghraif fhisiceacha (agus na hearraí cartlainne uile eile) a choimeád san ord céanna le do liosta. Beidh an liosta sin ina chuidiú mór agat le tuiscint a fháil ar a bhfuil agat agus le measúnú a dhéanamh ar cé chomh hoiriúnach is atá sé a bhfuil agat a bhronnadh. Nuair atá sé críochnaithe, is féidir leat d'earraí a chur i bpacáistiú agus i mboscaí de réir na dtreoirlínte sa leabhrán seo. Is féidir leat cóip den liosta earraí a thabhairt do Chartlann an Chontae nuair a bhronnfaidh tú do bhailiúchán. Ceadóidh an Cartlannaí é nuair a bheidh an bailiúchán á shealbhú agus le linn an liosta nó an chatalóg thuairisciúil dheiridh a bhreacadh.

## NASCADH LE COMHARSA

D'fhéadfá glao a chur ar chomharsa agus comhrá a dhéanamh faoi stair an chlub nó na heagraíochta lena mbaineann an chartlann. D'fhéadfadh sibh labhairt faoin uair a cuireadh tús leis an gclub nó leis an eagraíocht, faoi na daoine a bhí i gceist, nó faoi imeachtaí a reáchtáladh. Déan roinnt nótaí agus cuir san áireamh le do liosta earraí iad. Iarrtar ort gan cartlann a fháil ar ais ón áit stórála ná ó fhoirgneamh pobail ach amháin nuair is féidir de réir shrianta COVID-19 agus má bhíonn tú ag obair i gcomhar le comharsa leat, bí cinnte de go gcloífidh tú i gcónaí le treoirlínte an Rialtais maidir leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht.

Ar fud na treorach seo, áirítear grianghraif d'earraí ó bhailiúcháin chartlainne a bronnadh roimhe sin ar Chartlann an Chontae. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as aire a thabhairt do chartlann do theaghlaigh.